Shared Island Initiative

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*



# Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte

**Gairm Oscailte do Smaointe Cruthaitheachta**

# Cé atá ag eagrú na gairme deontais seo?

## Bunaíodh Clár Éire Ildánach chun acmhainneacht chruthaitheachta daoine agus pobal a chumasú, chun a bhfolláine agus comhfholláine na sochaí a fheabhsú.

Dírímid ar spreagadh a dhéanamh air agus tacaíocht a thabhairt do bhealaí nua chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheachta. Is ionann Clár Éire Ildánach agus clár cultúir agus folláine uile-Rialtais Rialtas na hÉireann atá á reáchtáil go dtí an bhliain 2027. Tá neart faisnéise breise le fáil ag www.creativeireland.gov.ie.

Tá an chruthaitheacht a spreagadh ag gach tráth den saol mar phríomhghné dár gcur chuige agus tá tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga ó gach cúlra chun ceiliúradh a dhéanamh ar a gcruthaitheacht i gcroílár a bhfuil idir lámha againn. Chruthaíomar, i gcomhar le daoine óga agus le pobail, an chéad lá riamh a rinne ceiliúradh ar chruthaitheacht leanaí agus daoine óga. Cruinniú na Óg, nó teacht le chéile daoine óga. Bíonn sé ar siúil i mí an Mheithimh gach aon bhliain agus cuirtear an chruthaitheacht seo ar taispeáint le linn seacht gcéad (700) imeacht — lena n-áirítear na chéad imeachtaí a bhí ar siúl ar bhonn uile-oileáin in 2023 — ina mbíonn na mílte daoine óga rannpháirteach.

Bíonn réimse imeachtaí ann ó rince go cluichíocht, rapcheol, sorcas, líníocht, amharclannaíocht agus neart eile. Cuirtear gach pobal san áireamh agus déantar iad a spreagadh a gcuid cruthaitheachta a chomhroinnt agus daoine óga eile a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa cheiliúradh.

Táimid dírithe ar an gcruthaitheacht i ngach leanbh agus duine óg a chumasú, trí oibriú i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais chun an *Plean Óige Ildánach* cúig bliana (5) a fhíorú.



Circusful, Belfast
*Image by Neo Digital Media*

# Clár Éire Ildánach agus an Tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte

## Tá an deis ag Clár Éire Ildánach, faoin tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun nascadh le pobail agus comhbhraistint pobail a chruthú trí chaidreamh sóisialta, idirphlé agus rannpháirtíocht.

Is tosaíocht uile-rialtais é an tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte ar mhaithe le dul i mbun rannpháirtíochta le gach pobal agus traidisiún polaitíochta le teacht ar chomhaontú maidir le todhchaí chomhroinnte ar an oileán agus Comhaontú Aoine an Chéasta mar bhonn faoi. Faigheann an tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte tacaíocht ó Chiste Oileáin Chomhroinnte an rialtais, le beagnach €1 bhilliún go dtí 2023 imfhálaithe chun cuspóirí agus gealltanais infheistíochta uile-oileáin a bhaint amach i gClár an Rialtais agus i bPlean Forbartha Náisiúnta athbhreithnithe 2021–30; agus clár rannpháirtíochta mar bhonn eolais aige le daoine ar fud an oileáin tríd an tsraith Idirphlé maidir le hOileán Comhroinnte agus clár cuimsitheach taighde beartais a chuireann anailís agus bonn fianaise níos láidre maidir le hoileán na hÉireann ar fáil ar fud réimsí eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta. Tá tuilleadh sonraí faoin Tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte ar fáil ag www.gov.ie/sharedisland.

Féachtar le gné an Oileáin Chomhroinnte faoin gClár Éire Ildánach úsáid a bhaint as an gcruthaitheacht ar bhonn oileán comhroinnte ar mhaithe leis na nithe seo a leanas a bhaint amach:

1 Níos mó deiseanna a chur ar fáil do thionscnaimh chruthaitheachta chultúir agus thrasphobail idir leanaí agus daoine óga;

2 Tacú le húdaráis áitiúla feabhas a chur ar líonraí cruthaitheachta ar mhaithe le comhpháirtíochtaí fuinniúla agus ionchuimsitheacha idir daoine agus idir pobail;

3 Éire a cheapadh ina ceannaire domhanda ó thaobh luach na cruthaitheachta agus na meabhairshláinte a léiriú lena n-áirítear i sochaithe iar-choimhlinte; agus

4 Comhoibriú a neartú le haghaidh oileán atá níos inbhuanaithe go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de.

Teastaíonn ó *Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte* freastal ar leanaí agus ar dhaoine óga ar fud oileán na hÉireann. Tá sé mar aidhm againn leas a bhaint as taithí agus as saineolas eagraíochtaí atá ag obair sna hearnálacha cruthaitheacha, cultúrtha, ealaíona, pobail agus óige chun rannpháirtíocht daoine óga a bhaint amach. Agus sinn ag obair as lámha a chéile, beimid in ann leanaí agus daoine óga a thabhairt le chéile agus mothú comhoibríoch, tuiscint agus dóchas don todhchaí a chothú trí mheán na cruthaitheachta. Ní mór go mbeidh léiriú á dhéanamh ar chuspóirí an tionscnaimh sna tionscadail a bhfuil iarratais á ndéanamh ina leith.





## Cuspóirí

1 Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun nascadh le daoine óga ar fud oileán na hÉireann agus spás a sholáthar d'idirghníomhaíocht stuama;

2 A chinntiú go bhfuil tionscnaimh á bpleanáil ar bhonn comhoibríoch agus ar bhonn Oileán Comhroinnte, ar mhaithe le hoidhreacht inbhuanaithe a chruthú don am atá romhainn.

3 Daoine óga a chur i gcroílár an tionscadail cruthaitheachta chun cur ar a gcumas a bheith chun tosaigh ó thaobh gnéithe agus cinntí dearfacha;

4 Tacú le tionscadail a aimsíonn bealaí do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear, iad siúd nach gcloistear go minic uathu, chun rochtain a fháil ar dheiseanna do rannpháirtíocht chruthaitheachta agus chultúrtha;

5 Tuiscint níos fearr a chur ar fáil maidir le luach an chomhdhearcaidh i measc daoine óga thart ar thodhchaí chomhroinnte agus téamaí coitianta lena mbaineann tábhacht do dhaoine óga a aithint trí chultúr agus cruthaitheacht;

6 Daoine óga ar fud réimse pobal a chumasú trí oibriú le healaíontóirí agus leis na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta níos leithne, trí thaithí ar an gcruthaitheacht a fháil trí dhearcadh a gcomhpháirtithe;

Mar gheall ar an tiomantas atá tugtha do dhaoine óga laistigh den P*hlean Óige Ildánach 2023–2027* a mheastar nach gcloistear uathu go minic, samhlaímid go ndíreoidh ceann amháin ar a laghad de na tionscadail a fhaigheann maoiniú, ar chohórt sa chatagóir seo. Féach Aguisín 2 maidir leis na daoine óga a thugaimid sainmhíniú orthu mar dhaoine óga nach gcloistear uathu go minic faoi Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte.



Cruinniú na nÓg
*Image by Mark Stedman*

# Cad atá á lorg againn?

Teastaíonn uainn tionscadail chultúrtha a fheiceáil atá bunaithe lasmuigh den scoil agus laistigh den phobal, a ghlacann le cur chuige cruthaitheachta agus deartha agus atá á stiúradh trí ionchur agus trí rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionscadal idir lámha agat cheana féin nó tionscadal píolótach a d'fhéadfaí a leathnú amach mar thoradh ar an maoiniú seo. Ní mór do na tionscadail comhoibriú a spreagadh idir daoine óga — tá deiseanna do dhaoine óga mar fhachtóir ríthábhachtach ar fud oileán na hÉireann chun casadh le chéile agus le bheith rannpháirteach sa chruthaitheacht.



**Iarrfar ar iarratasóirí léiriú a thabhairt maidir leis an mbealach ina ndéanfaidh an tionscadal atá beartaithe acu na nithe seo a leanas:**

1. Nascadh agus teagmháil a dhéanamh le leanaí agus le daoine óga ar fud gach pobail agus traidisiún;
2. A chinntiú go mbíonn leanaí agus daoine óga i gcroílár na cinnteoireachta ó thaobh forbairt a dhéanamh ar thionscadal cruthaitheachta agus úsáid á baint as dea-chleachtais;
3. Tiomantas a thabhairt ó thaobh tacaíocht a thabhairt do leanaí agus daoine óga chun rochtain a fháil ar chultúr, cruthaitheacht agus na healaíona (féach an sainmhíniú leathan thuas); agus
4. Meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bpróiseas agus leis na torthaí, le hionchur ó na leanaí agus daoine óga atá rannpháirteach.

Lorgófar iarratais, go háirithe, a dhéanfaidh cothú ar **rannpháirtíocht inbhuanaithe** idir daoine óga, seachas imeachtaí nó rannpháirtíocht aonair. Teastaíonn uainn smaointe nua a fheiceáil nó smaointe nua a fheiceáil á dtástáil, go háitiúil agus go náisiúnta, a d'fhéadfadh leanaí agus daoine óga ó 0–24 bliain d'aois ó thuaidh agus ó dheas a thabhairt le chéile. Ba cheart go mbeadh an cur chuige faoi stiúir na hóige á chur i bhfeidhm ag tograí trí iarratas a dhéanamh ar Shamhail Lundy um Rannpháirtíocht Leanaí (Aguisín 1). Tá sé fíorthábhachtach go mbíonn an oiread gníomhaíochta agus is féidir ag daoine óga nuair atá tionscadal á dhearadh.

**Cén scála maoinithe atá i gceist?**

Tá tionscadail ar scála agus le huaillmhian shuntasach á lorg againn ó chomhpháirtíochtaí. Samhlaímid uasdeontas de €180,000 in aghaidh an tionscadail agus tá sé i gceist againn maoiniú a dhéanamh ar 3 thionscadal ar a laghad. Ba cheart go ndéanfadh líon comhpháirtithe atá ag obair i gcomhar le chéile seachadadh ar gach aon tionscadal. Rachaidh tréimhse na dtionscal ó Mheitheamh 2024 go Nollaig 2025.

Celestial Mechanics
*Image by Damien Eagers*

## Cad atá i gceist againn le "cruthaitheacht"?

Tá inniúlachtaí nádúrtha agus scileanna foghlamtha i gceist leis an gcruthaitheacht. Tá an acmhainneacht ag an uile dhuine ó thaobh rannpháirtíochta agus léiriú cruthaitheachta; agus is ionann an taithí seo agus gníomh sástachta pearsanta. Mar a léiríonn leanaí agus daoine óga, níl aon teorainn i gceist leis an gcruthaitheacht; mar atá leis an gcruthú smaointe as intinn an duine féin chun iad a roinnt le daoine eile. Tá an tsaoirse le dul sa seans, an tsamhlaíocht a úsáid agus ionchas ann chun mothú spraoi, iontais agus sonais a mhúscailt i gcroílár na cruthaitheachta. Chun críocha an *Phlean Óige Ildánach,* is iad na scileanna agus an iompraíocht is ábhartha ná na cinn a thacaíonn le forbairt agus le foghlaim, amhail fiosracht, acmhainneacht, samhlú, disciplín, agus comhoibriú.

D'fhéadfadh na cineálacha cruthaitheachta do na tionscadail an méid seo leanas a thógáil san áireamh, ach níl teoranta dóibh:

- Sorcas
- Scannáin
- Litríocht
- Scríbhneoireacht Chruthaitheach
- Ceol (Gach Seánra)
- Damhsa (Gach Cineál)
- Ealaín Sráide Agus Mórthaibhsiú
- Amharclann
- Na Healaíona Traidisiúnta
- Na Hamharc-Ealaíon
- Oidhreacht Chúlturtha
- Ailtireacht
- Podchraoltóireacht
- Réaltacht Mhéadaithe/Fhíorúil/Mheasctha
- Faisean
- Coiméide
- Dearadh (Gach Cineál)
- Cluichí Digiteacha
- Teicneolaíocht Dhigiteach Chruthaitheachta
- Beochan
- Códú
- Cócaireacht
- Na Healaíona Ildisciplíneacha





## Cé leis is féidir iarratas a dhéanamh?

Ní mór iarratais a dhéanamh i gcomhpháirt le comhpháirtí amháin ar a laghad atá lonnaithe in Éirinn, agus comhpháirtí amháin ar a laghad lonnaithe i dTuaisceart Éireann le príomhchomhpháirtí aitheanta don tionscadal agus don phróiseas iarratais.

Tá iarratais á lorg ó na cineálacha eagraíochtaí seo a leanas:

- Eagraíochtaí óige
- Eagraíochtaí forbartha pobail
- Institiúidí nó eagraíochtaí cultúir agus ealaíon
- Ionad Acmhainní Teaghlaigh
- Údaráis Áitiúla (ní mar phríomhchomhpháirtí ach mar chuid de chomhpháirtíocht)
- Carthanais Chláraithe nó eagraíochtaí seachbhrabúsacha
- Comhlachtaí agus fondúireachtaí daonchairdiúla agus taighde
- Institiúidí nó eagraíochtaí cultúir agus ealaíon
- Eagraíochtaí, líonraí, músaeim, dánlanna agus ionaid ealaíon chruthaitheachta
- Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)
- Fiontair shóisialta
- Cuideachtaí tráchtála gnó

Mar thionscnamh pobail níl sé oscailte do scoileanna páirt a ghlacadh, mar sin féin, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí a bheith ar siúl in áitribh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile.

## Cé ba chóir Iarratas a Dhéanamh thar ceann Comhpháirtíochta?

Is féidir le heagraíochtaí atá lonnaithe i gceachtar den dá dhlínse iarratas a dhéanamh thar ceann comhpháirtíochta. Ní mór duit a rá go soiléir san iarratas cé hiad gach comhpháirtí agus a ról sa tionscadal.

## Cén bealach a ndéantar an maoiniú a leithdháileadh?

Déanfar maoiniú a thairiscint ar an gcoinníoll go bhfuil an ghné uile-oileáin lárnach sa tionscadal.

## Critéir Roghnaithe

Déanfaidh painéal meastóireachta measúnú ar na hiarratais, lena n-áirítear, ionadaíocht ó dhaoine óga, agus déanfar iad a mheas in aghaidh an chritéir thíos. Is ciste iomaíoch atá i gceist anseo, agus táimid ag súil líon ard iarratas atá ar ardchaighdeán a fháil. Faraor, ní bheidh sé ar ár gcumas maoiniú a dhéanamh ar gach tionscadal a fhaighimid.

| Critéar | Marcanna ar Fáil |
|---|---|
| An tuairim atá taobh thiar den tionscadal agus an cur chuige cruthaitheachta | 60 |
| An cur chuige i leith rannpháirtíocht láidir ó leanaí agus ó dhaoine óga ó Thuaidh agus ó Dheas a éascú ó thaobh an tionscadal a fhorbairt agus a sheachadadh | 25 |
| An taithí ó thaobh teagmháil a dhéanamh le leanaí agus le daoine óga agus oibriú go héifeachtach leo* | 25 |
| Foireann, dea-theist agus indéantacht an tionscadail | 40 |
| Do Phlean Meastóireachta | 25 |
| **Líon Iomlán na Marcanna atá ar Fáil** | **175** |

*Más mian le hiarratasóirí oibriú le grúpa nach gcloistear uathu ach go hannamh, mar a shainmhínítear in Aguisín 2, ní mór go mbeidh sé ar a gcumas léiriú a thabhairt maidir leis an taithí atá acu ó thaobh oibriú leis an ngrúpa sin.

## Dátaí Tábhachtach

**9 Eanáir — An Ciste Oscailte d'Iarratais**

Beidh an tairseach d'iarratais ar líne oscailte le haghaidh aighneachtaí. Molaimid go láidir duit leagan word den fhoirm iarratais agus den doiciméad faisnéise a chruthú agus iad seo a bheith léite roimh an gcruinniú faisnéise ar líne.

**18 Eanáir — Seisiún Faisnéise ar Líne**

Seimineár gréasáin a chuirfidh forléargas ar fáil maidir leis an seisiún ceisteanna agus freagraí. Cláraigh anseo.

**24 Eanáir — Seisiún faisnéise ar an láthair i mBéal Feirste agus an deis chun casadh leis na comhpháirtithe féideartha.**

**8 Feabhra — Seisiún faisnéise ar an láthair i mBaile Átha Cliath agus an deis chun casadh leis na comhpháirtithe féideartha.**

**25 Márta — An dáta deiridh. Ba cheart tograí a chur faoi bhráid faoin dáta seo chuig submit.com.**

**Samhain 2024 — Spriocdháta chun cistí 2024 a tharraingt anuas.**

**Samhain 2025 — Spriocdháta chun cistí 2025 a tharraingt anuas.**

**Beidh tréimhse na dtionscal ar siúl ó Mheitheamh 2024 go Nollaig 2025.**

**Déanfaimid iarracht na hiarratasóirí go léir a n-éireoidh leo a chur ar an eolas faoi mhí an Mheithimh 2024.**

Má tá aon cheist agat maidir leis an Scéim mhaoinithe Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte nó faoin bpróiseas iarratais, seol ríomhphost, le do thoil, chuig creativeireland@tcagsm.gov.ie agus úsáid á baint as an teideal ábhair **'Scéim mhaoinithe Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte.'**

## Breithnithe Buiséid

Nuair atá buiséad á chruthú agat, déan cinnte, le do thoil, go bhfuil na táillí aonair agus buiséid an tionscadail pléite ar bhonn foirne. Táimid ag súil go mbeidh an buiséad comhaontaithe agat le comhaltaí go léir na foirne tionscadail sula síneofar an conradh le hÉire Ildánach. Molaimid duit an méid seo a leanas a bhreithniú:

**Bainistíocht tionscadail**
Ba cheart go gclúdódh an táille seo am na foirne riaracháin (mar shampla chun bainistíocht an tionscadail agus/nó riarachán airgeadais a chlúdach), chomh maith le haon ranníocaíocht i leith forchostais nó aon chostais réasúnacha eile atá riachtanach ó thaobh rannpháirtíochta.

**Luach saothair**
Tá buiséad atá trédhearcach agus iomaíoch á lorg againn a íocann daoine aonair agus eagraíochtaí i gceart as a gcuid ama. Ba cheart go mbeadh na táillí d'ealaíontóirí ag teacht le treoirlínte aitheanta tionscail (féach ar an bhfaisnéis ón gComhairle Ealaíon agus ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann maidir le luach saothair agus conraitheoireacht d'ealaíontóirí).

**Meastóireacht**
Seo an chéad uair dúinn a bheith ag obair sa spás seo agus tá fonn orainn foghlaim ón gcéad bhabhta de na tionscadail. Níl aon eagla orainn go dteipfimid. Aithnímid nach n-oibreoidh roinnt nithe chomh maith is a bhí súil leis agus tiocfaidh athrú ar thionscadail de réir mar a théann siad chun cinn. Tá sé tábhachtach go dtógann tú na costais a bhaineann le meastóireacht/tionchar an tionscadail san áireamh.

**Áirítear ar chostais eile a bhféadfadh tacaíocht a bheith ar fáil dóibh:**
— Costais a bhaineann le comhordaitheoir scéime a bhfuil taithí ar rannpháirtíocht le daoine óga aige
— Costais a bhaineann le cruinniú a ghairm le grúpa éagsúil daoine óga chun dearadh a dhéanamh air agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an tionscadail, lena n-áirítear, costais iompair
— Líonrú/na tionscadail a fuair maoiniú a chur os comhair an phobail

**Ábhar**
Tá suim againn tacú le réitigh ísealcharbóin agus le cleachtas atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus an tionscadal á phleanáil agus á sheachadadh, chomh maith le do roghanna comhpháirtithe agus soláthróirí.

**Costais Neamh-incháilithe**
— Costais nach mbaineann go díreach leis an tionscadal
— Costais siarghabhálacha, m.sh., caiteachas a tharla roimh dháta ceadaithe an tionscadail
— Iarratais chaipitiúla ar mhaithe le feabhsúcháin tógála ar spásanna agus ar ionaid oibre
— Iarratais a bhaineann le sraith teilifíse nó feachtas fógraíochta aonair
— Comhdhálacha aonair

Tabhair ar aird, le do thoil, nach mór d'iarratasóirí a n-éireoidh leo **Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe — Bainistíocht agus Cuntasacht do Dheontais ó Chistí Státchiste a chomhlíonadh,** féach http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf.

Féach an doiciméad maidir le Ceisteanna a Chuirtear go Minic chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le téarmaí agus coinníollacha.

## Chun iarratas a dhéanamh

Ní mór iarratas a chomhlánú ar líne agus iad a chur faoi bhráid trí Submit.com.

Dúnfar an tairseach are an **25ú Márta 2024 ag 5pm.**

# Aguisín 1



## Samhail Lundy um Rannpháirtíocht Leanaí

Tacaítear le Samhail Lundy um Rannpháirtíocht Leanaí trí na nithe seo a leanas:

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1989).
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (2006).
- An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht.

Is samhail rannpháirtíochta um chearta leanaí atá forbartha ag an Ollamh Laura Lundy, Ollscoil na Banríona atá i gceist anseo, ina gcuirtear treoir ar fáil do chinnteoirí ar na céimeanna atá le glacadh le guth stuama a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht.

Ciallaíonn rannpháirtíocht le cuspóir go mbíonn toradh nó athrú i gceist nuair a bhíonn leanaí agus daoine óga bainteach leis an gcinnteoireacht, nuair a thugtar éisteacht dá dtuairimí agus nuair a chaitear go dáiríre leo. Ar cheann de phríomhphrionsabail Phlean Óige Ildánach 2023–2027 tá, nach mór go mbeidh gníomhaireacht agus guth sa chinnteoireacht maidir lena chur i bhfeidhm ag leanaí agus ag daoine óga. Mar thionscnamh faoi Stiúir na hÓige ní mór go mbeidh daoine óga i gceannas ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ó Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte a oiread agus is féidir.

In Éirinn, tacaíonn an Creat Rannpháirtíochta[1] le ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus le heagraíochtaí chun a gcleachtas a fheabhsú ó thaobh éisteacht le leanaí agus le daoine óga agus guth a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht.

Is é Mol na nÓg, atá bunaithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an t-ionad bairr feabhais agus comhordaithe náisiúnta in Éirinn ó thaobh guth a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht, a thacaíonn le Ranna Rialtais na hÉireann, gníomhaireachtaí stáit agus le heagraíochtaí neamh-Rialtais le fócas faoi leith orthu siúd nach mbíonn le cloisteáil ach go hannamh. Cuireann sé oiliúint, cóitseáil, forbairt, comhairle agus tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí chun éisteacht níos fearr agus feidhmiú níos fearr ar ghuthanna leanaí agus daoine óga.

1 https://hubnanog.ie/participation-framework/

| Space | Voice |
|---|---|
| **HOW: Provide a safe space for children to express their views.** | **HOW: Provide appropriate information and facilitate the expression of children's views.** |
| — Have children's views been actively sought?<br>— Was there a safe space in which children can express themselves freely?<br>— Have steps been taken to ensure that all children can take part? | — Have children been given the information they need to form a view?<br>— Do children know that they do not have to take part?<br>— Have children been given a range of options as to how they might choose to express themselves? |
| **Audience** | **Influence** |
| **HOW: Ensure that children's views are communicated to someone with the responsibility to listen.** | **HOW: Ensure that children's views are taken seriously and acted upon, where appropriate.** |
| — Is there a process for communicating children's views?<br>— Do children know who their views are being communicated to?<br>— Does that person/body have the power to make decisions? | — Were the children's views considered by those with the power to effect change?<br>— Are there procedures in place that ensure that the children's views have been taken seriously?<br>— Have the children and young people been provided with feedback explaining the reasons for decisions taken? |

**Fíor 1:** Seicliosta maidir le Samhail Gutha Lundy ó thaobh rannpháirtíochta

# Aguisín 2



## Cothromas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Sheol an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta *an Plean Óige Ildánach 2023–2027* nua, i Márta 2023, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Ealaíon na hÉireann.

Tá sé mar aidhm ag *Plean Óige Ildánach 2023–2027* leanúint lena chinntiú go bhfuil an chruthaitheacht mar chuid thábhachtach de shaol leanaí agus daoine óga. Chun a gcruthaitheacht a fhorbairt, spreagann sé comhpháirtíocht idir daoine fásta atá ag obair san oideachas, i gcúram leanaí luathbhlianta agus leanaí in aois scoile, obair óige agus pobail agus na seirbhísí tacaíochta ábhartha.

Faoi Alt 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, tá sé de cheart ag leanaí:

> *"a bheith rannpháirteach go hiomlán sa saol cultúrtha agus ealaíonta agus spreagfaidh páirtithe soláthar deiseanna cuí agus comhionanna le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíonta, áineasa agus fóillíochta".*

Tá príomhfhócas Phlean nua Óige Ildánach ar dhaoine óga a bhfuil an rochtain is lú acu ar dheiseanna cruthaitheacha.

Tá sé mar aidhm ag *Plean Óige Ildánach 2023–2027* a fhís a bhaint amach trína chinntiú go soláthraítear na deiseanna is fearr is féidir do leanaí agus do dhaoine óga chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta ar bhealach a thacaíonn leis an gcothromas rochtana is fearr is féidir. Tá an Plean tiomanta do thosaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga nach gcloistear uathu ach go hannamh agus a bhraitheann leibhéil ísle rannpháirtíochta faoi láthair sa chruthaitheacht, sa chultúr agus sna healaíona, trí bhearta sonracha cothromais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a fheidhmiú. Áirítear ar an sainmhíniú atá againn maidir le leanaí nach gcloistear uathu ach go hannamh:

### Plean Óige Ildánach 2023–2027

**Leanaí agus Daoine Óga nach gCloistear ach go hAnnamh** (leanaí agus daoine óga a bhfuil níos lú deiseanna acu agus níos mó constaicí ina saol).

D'fhéadfadh leanaí agus daoine óga a bheith i gceist atá i gcásanna mar seo a leanas:

- Leanaí i gcúram;
- Páirteach sa chóras um cheartas i leith an aosa óig / daoine sa phríosún agus iarchiontóirí;
- Faoi thionchar foréigean teaghlaigh;
- Ó chúlra mionlaigh eitneach;
- Gan dídean nó i mbaol a dteach a chailleadh / maireachtáil i gcóiríocht shealadach / mhí-oiriúnach;
- San ospidéal (iad sin a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu san áireamh);
- Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Idirghnéasach + (LADTI+);
- Maireachtáil i mbochtaineacht;
- Maireachtáil in iargúltacht tuaithe;
- Ag maireachtáil agus deacrachtaí meabhairshláinte acu;
- Maireachtáil le handúil tuiste;
- Maireachtáil i ngaolmhaireacht theannasach teaghlaigh;
- Gan bheith ar scoil;
- Maireachtáil faoi mhíchumais fhisiciúla agus intleachta;
- Riachtanais speisialta oideachais a bheith acu;
- Más teifigh nó iarrthóirí tearmainn iad;
- Más duine den Lucht Siúil nó den lucht Romach iad;
- Dífhostaithe;
- Cúramóirí óga;
- Daoine óga i bhfeighil teaghlaigh aontuismitheora/cúramóra;
- Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta;
- Fostaithe ar phá íseal;
- Dífhostaithe go fadtéarmach; agus
- Daoine i mbaol aonraithe sóisialta.

Shared Island Initiative

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

**Clár Éire Ildánach**
An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
—
23 Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2,
D02 TD30
—
**@CreativeIrl**
**@creativeirl**
**@creativeireland**
—
creativeireland@tcagsm.gov.ie
**creativeireland.gov.ie**

**#OileánComhroinnte**